



Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh

Cad is fiú an súgradh?

Tá Lúsaí agus Robbie ag súgradh lasmuigh. Seo chucu na leanaí béaldorais, Mariuz agus Paula. Cromann an ceathrar leanaí ar 'puball' a dhéanamh as seanchuirín a chrochann siad idir an claí agus suíochán gairdín. Ansin déanann siad liosta de na míreanna campála a bheidh uathu. Faigheann Lúsaí roinnt gabhdán plaisteach agus cipíní líreacáin chun dul ag cócaireacht agus bailíonn Mariuz cipíní chun tine a dhéanamh. Faigheann Robbie agus Paula cótaí agus seanchuisíní chun leapacha a dhéanamh. Ní fada go mbíonn Lúsaí agus Mariuz ag ligean orthu a bheith ina dtuismitheoirí, ag tabhairt a gcuid leanaí, Robbie agus Paula, ar thuras campála a mhaireann go ham tae. An bhfuil a leithéid cloiste agat cheana? Déarfainn go bhfuil, mar is breá le leanaí a bheith ag súgradh le leanaí eile agus le baill an teaghlaigh.

Is minic a thugtar 'obair' leanaí ar an súgradh. Cabhraíonn an súgradh leis an leanbh óg

- **gaol a dhéanamh** – trí bheith i bhfochair daoine eile, ag roinnt rudaí agus ag sealaiócht; ag fáil réiteach ar fhadhbanna agus ag dul chun réitigh mar shampla nuair a theastaíonn an bréagán céanna ó bheirt leanaí nó níos mó; a bheith mar cheannaire agus mar dhuine den lucht leanúna; ag fáil amach conas páirt a ghlacadh i spraoi le leanaí eile; ag foghlaim faoi mhothúcháin daoine eile
- **a bheith cruthaitheach** – nuair a dhéanann sé/sí feistias as seanadaí; nuair a thógann sé/sí áit chónaithe as dramhábhair; nuair a dhéanann sé/sí babhla as taos súgartha a rinneadh ag an mbaile agus é a phéinteáil agus a mhaisiú le ruithneach chun loinnir a chur air
- **léamh, scríobh agus foghlaim mar gheall ar uimhreacha** – nuair a 'léann' sé/sí agus nuair a insíonn sé/sí scéalta; nuair a dhéanann sé/sí biachláir le haghaidh caife nó leabhráin eolais, póstaer agus oidis don chlinic tréidliá; nuair a íocann sé/sí ar rudaí i mbréagshíopa; nuair a scríobhann sé/sí scór na gcluichí le haghaidh scéalta nuachta; nuair a thomhasann sé/sí cá mhéad bloc a bheidh ag teastáil chun bóthar a thógáil
- **smaoineamh** – nuair a cheaptar plean ionas gur féidir leis an tarracóir bréagánach tiomáint thar láib shleamhain; nuair a shocraíonn sé/sí cé na rudaí a úsáidfear chun prochóg a dhéanamh; nuair a oibríonn sé/sí amach conas is féidir díon ar fána a dhéanamh agus a cheangal do theach bloc
- **teanga a úsáid** – nuair a chanann sé/sí; nuair a dhéanann sé/sí ranna agus scéalta grinn a aithris; nuair a ghlacann sé/sí rólanna éagsúla chun ligean air/uirthi gur gruagaire, freastalaí, garda slándála, fiacloir agus mar sin de é/i; nuair a mhíníonn sé/sí rialacha an chluiche
- **matáin mhóra agus bheaga a úsáid** – nuair a dhéanann sé/sí ceann de na rudaí seo a leanas: aerfort a a thógáil le Lego; gearradh le siosúr; pictiúir a tharraingt; rudaí a dhéanamh as taos súgartha; rith; léim; dreapadh; cluichí liathróide a imirt; rothaíocht; scipeáil, coirníní a chur ar shnáth; slabhraí nóiníní a dhéanamh.

Leid-leathanach do thuismitheoirí leanaí óga (2½–6 bliana)

Léigh leat go bhfaighidh tú smaointe ó *Aistear* faoi conas cabhrú leis an leanbh dul i mbun foghlama trí chineálacha éagsúla súgartha. Is féidir mórán de na smaointe seo a chur i ngníomh lasmuigh agus laistigh araon.

Súgradh fisiceach

- Imrígí cluichí lasmuigh, leithéidí *Cuardaigh agus Folaigh*, peil, friosbaíonna, húla-húpaí, scidilí (líon buidéal phlaisteacha le gaineamh nó le clocha beaga).
- Spreag an leanbh chun úsáid a bhaint as frámaí dreaptha, sleamhnáin agus luascáin.
- Bí in éineacht leis an leanbh agus sibh ag rith, ag preabadh, ag léim agus ag lámhacán faoi rudaí no isteach iontu, ag cothromú, ag rothaíocht (bíodh cobhsaitheoirí ag an leanbh ar feadh tamaill) agus ag caitheamh pónaireán.
- Múin cluichí don leanbh, a d'imir tú féin agus tú óg, leithéidí, *Ring-a-ring-a-rósaí*, *Red Rover*, ag scipeáil le rópa, agus *Hop-scotch*.
- Déan rince le cineálacha difriúla ceoil, imir deilbh agus cathaoireacha ceolmhara nó déan gníomhartha le hamhrán mar *Hokey Pokey*.
- Déan puzail, míreanna mearaí, cuir coirníní ar shnáth, nó déan rudaí as bloic.
- Cabhraigh leis an leanbh áit phríobháideach a dhéanamh dó/di féin. Mar shampla, cuir spás i leataobh faoin staighre; caith bráillín suas ar chraobhach crainn chun díon a dhéanamh, nó cuir blaincéad anuas ar chathaoireacha chun an spás fúthu a dhúnadh isteach; bíodh bosca mór agaibh don áit speisialta. Féach an tslí a dhéanfaidh an leanbh spáslong, cró capall nó pictiúrlann den áit speisialta. Níl teora leis na féidearthachtaí!



Lig dom
taithí a fháil ar
chineálacha éagsúla
súgartha.

Cluichí a mbíonn rialacha ag gabháil leo

- Cuireann leanaí an-spéis i rialacha cluichí. Is minic a chumann siad na rialacha 'solúbtha' seo iad féin. Mar shampla, nuair a bhíonn cur i gcéill ar siúl *bíonn ar gach duine cnagadh roimh theacht isteach*, nó *ní bhíonn cead ag cailíní an tochtóir a thiomáint!* Nuair a ghlacann tú páirt i gcluiche cur i gcéill, cloígh leis na rialacha a chumann an leanbh.
- Tabhair deiseanna don leanbh cluichí a imirt a bhfuil rialacha ag gabháil leo, mar shampla *Nathracha is Dréimírí*, cluichí cártaí, *BIONGÓ*, cluichí ríomhaire, agus cluichí focal agus uimhreacha. Glac páirt sa súgradh agus bíodh spraoi ag an mbeirt agaibh le chéile.

Súgradh cruthaitheach

- De ghnáth, is breá le leanaí rudaí a dhéanamh. Is féidir leat cabhrú leo trí rudaí a chur ar fáil dóibh, mar shampla criáin, péinteanna, cailceanna, cineálacha difriúla páipéir, pinn luaidhe thiubha, seanrollaí páipéir bhalla, nuachtáin, irisí, seanchártaí breithlae, stampaí úsáidte, plátaí páipéir, ruithneach, gliú, siosúr, blúirí éadaigh, boscaí agus tiúb chartchláir, agus páipéar agus ribíní beartán.
- Téigí i mbun tionscadail i dteannta a chéile, mar shampla múnla de spáslong a dhéanamh as bosca bróg nó bus a dhéanamh as bosca cartchláir; cártaí a dhéanamh le haghaidh ócáidí speisialta; colláis a dhéanamh as pictiúir a gearradh as irisí.
- Déan uirlisí ceoil agus bain úsáid astu chun na hamhráin is ansa le do leanbh a chanadh. Mar shampla, le beagán samhlaíochta, agus le seilítéip, bosca bróg, tiúb ó rolla cistine, agus roinnt bandaí leaisteacha is féidir giotár den scoth a dhéanamh!
- Úsáidigí péint i dteannta a chéile. Cuir loinnir ar do phictiúir chun cuma dhraíochtúil a chur orthu nó cuir uisce orthu agus séid an péint ar an bpictiúir chun cruthanna agus patrúin ghreannmhara a dhéanamh.
- Bailigh bataí súracáin agus déan rudaí astu.

Is cuid
tábhachtach de mo shaol
an súgradh agus tá tábhacht ag
baint leis ó thaobh m'fhoghlama
agus m'fhorbartha de.

Súgradh bunaithe ar theanga

- Imir cluichí teanga agus cuimhne, mar shampla *Le mo shúilín feicim, Focail a thosaíonn le ...* (cuireann gach duine focal nua a thosaíonn le litir ar leith leis an liosta), nó *Chuaigh mé don siopa agus cheannaigh mé ...* (cuireann gach duine mír leis an liosta).
- Faigh focail a dhéanann rím le focail eile, leithéidí *can, gan, fan*, nó focail gan chiall, leithéidí *han, ran, lan*.
- Abraigí rudaí atá deacair a rá, leithéidí *She sells sea shells by the seashore*.
- Abraigí ranna le chéile agus cuir geáitsíocht leo.
- Inis scéalta greannmhara, fiú cinn a thosaíonn le *Cnag! Cnag!*
- Bíodh fearas agat a ghabhfaidh le scéal éigin a thaitníonn le do leanbh. Mar shampla, d'fhéadfá puipéad stoca den sionnach a úsáid sa scéal *The Gingerbread Man*, nó teidí beag sa scéal *Oíche Mhaith, a Bhéirín*.
- Léigh agus pléigh na scéalta. Cuir ceisteanna mar seo: *Hmmm, cad é sin, meas tú? Cad a tharlódh dá ...?*
- Cum scéalta i dteannta a chéile. Éist le scéalta an linbh. Lig don tsamhlaíocht imeacht le sruth!

Ag ligean oraibh

- Cuir míreanna ar fáil a chabhróidh leis an leanbh bheith ag ligean air/uirthi gur duine éigin eile é/í, bean an phoist, tiománaí bus, ainmhí, síóg nó laoch éigin nó a leithéidí. Mar shampla, tabhair bróga, vallaití, málaí, seodra, éadaí, scaifeanna, hataí, leithid éadaí, sciatháin chartchláir, agus fallaingí dó/di. Glac ghrianghraif den leanbh sa ról sin.
- Is breá le leanaí gnáthrudáí a úsáid ina gcuid súgartha, mar shampla scuaba, pannaí deannaigh, cloig, uirlisí garraíodóireachta, boscaí, airgead, málaí siopadóireachta, seantriomadóirí gruaige, citil agus tóstaeir (agus na fleisceanna bainte díobh), miosúir, meánna, buidéal phlaisteacha, seanghutháin agus seancheamaraí, seanduivéanna agus seanphiliúir, agus seanéadaí linbh chun bábóga agus teidí a ghléasadh. D'fhéadfaí bata beaga a úsáid mar steallaire i gclinic dochtúra; is féidir le scuab a bheith ina chapall; d'fhéadfadh stóil a bheith ina suíocháin ar thraein!
- Tabhair gliú, seilitéip, páipéar, pinn, boscaí cartchláir, cleití agus mar sin den don leanbh le gur féidir leis/léi rudaí a dhéanamh, mar shampla maisc, teileascóp, biachláir agus bia don chaoire sa dráma atá ar bun aige/aici.
- Bí páirteach sa súgradh agus glac an ról a thugann an leanbh duit – an chailleach, an píolóta nó an babaí. Lean treoir an linbh.

Is féidir
leat cuidiú liom foghlaim
faoi chineálacha éagsúla rudaí
nuair a bhímid ag súgradh
lena chéile.

Conas súgradh a dhéanamh le do leanbh

Seo roinnt leideanna a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit mar thuismitheoir.

1. Tabhair **am** súgartha don leanbh gach lá.
2. Cuir **rudaí** ar fáil le gur féidir leis an leanbh dul i mbun súgartha leo. Is minic go mbaineann leanaí i bhfad níos mó spraoi as ábhair athchúrsáilte, mar shampla boscaí, míreanna teaghlaigh agus seanéadaí ná as bréagáin agus trealamh ceannaithe, agus ar ndóigh is saoire go mór iad.
3. **Bí páirteach** sa súgradh. Glac ról, déan greanntaíocht agus bí **spraíúil**.
4. Déan **spás** don súgradh. De réir mar a théann an leanbh in aois seans go gcaithfidh sé/sí níos mó ama ag súgradh le rud amháin ar leith nó i ról ar leith, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh áit ag an leanbh le rudaí a fhágáil ann ionas gur féidir leis/léi leanúint ar aghaidh ag súgradh leo an lá dár gcionn.
5. Sa chomhrá, **fiafraigh** den leanbh céard a bhí ar bun aige sa súgradh an lá sin. Taispeáin go bhfuil **meas agat ar an súgradh**, bíodh sé ag baile, leis an bhfeighlí linbh, sa réamhscoil nó sa bhunscoil.
6. **Inis** don fheighlí linbh nó don fhoireann sa réamhscoil, sa ghrúpa súgartha nó sa bhunscoil cé na cluichí, na gníomhaíochtaí, na rannta agus na leabhair is mó a thaitníonn leis an leanbh.

An réamhscoil agus an bhunscoil

Is mór is fiú an súgradh agus ní amháin nuair a bhíonn an leanbh ag baile. Is mór a fhoghlaimíonn an leanbh tríd an súgradh sa réamhscoil, sa ghrúpa súgartha agus sa bhunscoil. In *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, 2009 (www.ncca.ie/luathoige) agus *Curaclam na Bunscoile*, 1999 (www.curriculumonline.ie/ga) cuirtear béim ar thábhacht an tsúgartha chun cabhrú le leanaí óga foghlaim agus forbairt.

Cuimhnigh go gcabhraíonn an súgradh leis an leanbh scileanna nua a fhoghlaim agus smaointe nua a thriail, agus tugann sé eolas dó/di mar gheall ar an domhan. Níos tábhachtaí fós, is bealach spraoiúil é don leanbh é sin ar fad a dhéanamh. **Bíodh spraoi agaibh le chéile.**